



# *Sealbhú Teanga tríd an gCeol*

*Ceol sa Naíonra*



# *Ceol agus teanga sa Naíonra*

---

- Rannta agus amhráin
- Éisteacht agus freagairt do phíosa ceoil
- Drámaíocht nó spraoi le puipéad tríd an gceol
- Canadh i ngrúpaí nó i mbeirteanna
- Túsfhuaimeanna
- Siollaí gaoithe

# *Ag foghlaim na Gaeilge le ceol*

---

- Sealbhú teanga
- Forbairt teanga
- Bunscileanna uimhearthachta ó bhéal a fhorbairt
- Scileanna litearthachta a fhorbairt – cabhraíonn rannta agus amhráin le líofacht
- Scileanna sóisialta – teanga shóisialta
- Scileanna fisiciúla – geáitsí nó damhsa a dhéanamh bunaithe ar amhrán
- Scileanna mothúchánacha a fhorbairt

# Cluichí ranga le ceol



- Múin an t-amhrán (nó curfá) i rith na seachtaine
- Faigh mála le rudaí ón amhrán ann m.sh: tuáille, sluasaid, buicéad, sliogán, portán bréagach
- Imir Cluiche Kim leis na páistí
- Go maith don stór focal, don chuimhne, spraiúil, simplí

♪ **Gorm, Gorm, Gorm** ♪

*Ón albam Bliain na n-Amhrán*

**Gorm, gorm, gorm iad an fharraige 's an spéir**

**Seo linn ag an gcladach síos ag spraoi 's ag déanamh aeir**

**Tabhair dom tuáille, sluasaid is buicéad**

**Gorm, gorm, gorm iad an fharraige 's an spéir**

**Sliogáin, caisleáin is portáin ar fud na trá...**

# Sealbhú teanga le ceol

## Litearthacht agus Uimhearthacht



- Sealbhú teanga – gairdín, féileacán, bóin Dé, spéir
- Forbairt teanga – Ag spraoi sa ghairdín; Ag eitilt sa spéir; Ar an duilleog ghlas
- Bunscileanna uimhearthachta a fhorbairt –  
Can é sin uair amháin/ dhá uair...;  
Can véarsa a haon/a dó arís; a haon, a dó, a trí  
is fol dol dí
- Scileanna litearthachta a fhorbairt – Cabhraíonn amhráin agus rannta le líofacht

### Fred Féileacán

*ón albam Picnic Teidí*

**Fred Féileacán ag eitilt sa spéir**

**Fred Féileacán ag eitilt sa spéir**

**A haon, a dó, a trí, is fol dol dí**

**Ag gáire 's ag spraoi sa ghairdín**

**Bríd Bóin Dé ar an duilleog ghlas**

**Bríd Bóin Dé ar an duilleog ghlas...**

# *Ceol agus rannata do pháistí le RSO*

---

- Athrá ar an amhrán nó rann céanna go rialta
- Rannata le tús agus deireadh cinnte
- Amhráin atá deas bog agus a chuireann páiste ar a shuaimhneas
- Amhrán le físeán m.sh. Anam an Amhráin ar *YouTube*, éasca don pháiste an scéal a thuiscint agus a leanúint
- Cumarsáid neamhbhriathartha (*non-verbal communication*)
- Múin rud amháin ag an am – damhsa nó canadh nó geáitsí nó uirlis
- Bosca/balla céadfach le cnaguirlisí ann/air

# Éisteacht agus freagairt do phíosa ceoil

- Seinn ceol gan liricí m.sh. Ceol clasaiceach - *The Sleeping Beauty* le Tchaikovsky
- Sealbhú teanga – tá an ceol ‘tapaidh’ nó ‘mall’ nó ‘greannmhar’ nó ‘ciúin’ is araile
- Úsáid an ceol leis na mothúcháin a mhúineadh m.sh. sásta; brónach; feargach/crosta (úsáid cártaí nó póstaer leis na mothúcháin air)
- Go maith do pháistí RSO, chomh maith



# *Am cíorclach le ceol*



- Páistí ag suí i gciorcal sa rang
- Seinn an t-amhrán (atá múinte agat cheana)
- Páistí ag canadh mar ghrúpa ar dtús
- Ansin múinteoir ag cur ceist ar pháistí ag dul timpeall i gciorcal ‘Cá bhfuil do X?’
- Páistí ag freagairt/canadh go haonarach, duine amháin ag an am

♪ **Mé Féin** ♪

*Ón albam D’Aon Ghuth*

**Ceann, cluas, srón, béal agus smig**

**Gualainn, bolg, glúin agus**

**Cos, cos eile agus lámh, lámh eile**

**Agus fiacla bána agus gruaig ar mo cheann**

**‘Cá bhfuil do cheann?’ ‘Ceann!’...**



# *Am ciorclach le rannta*



- Páistí ag suí i gcorcal sa rang nó sa chlós
- Abair an rann atá múinte cheana
- Píoc amach frása nó focail a theastaíonn uait a mhúineadh m.sh. *lámhainní, scairf, hata mór dubh*
- Cluiche – páiste amháin ag cur *lámhainní, scairf agus hata* orthu i lár an chiorcail agus páistí eile ag rá an rann ina suí

♪ **Is breá liom an sneachta** ♪

*ón albam Picnic Teidí*

**Calóga sneachta ag titim go tiubh**

**Amach linn go beo agus bígí ullamh**

**Calóga sneachta ag titim go tiubh**

**Lámhainní, scairf agus hata mór dubh...**

# *Ealaín, ceol agus sealbhú teanga*



- Úsáid na hamhráin atá ar eolas agat, atá simplí le hathrá iontu
- Tugann na amhráin na focail do na páistí
- De réir a chéile tiocfaidh frásaí agus abairtí
- Cuidíonn siad le líofacht

## ♪ **Péint is Scuab is Páipéar** ♪

*ón albam Amhráin do Pháistí*

Péint is scuab is páipéar

Péint is scuab is páipéar

Déan anois an pictiúr deas

Le péint is scuab is páipéar


# *Drámaíocht, ceol agus sealbhú teanga*



- Amhrán nó rann le puipéad; seó puipéad
- Ceol le teidí
- Grúpa ag rá rann le geáitsí
- Físeán beag a dhéanamh leis na páistí

# Na Túsfhuaimeanna

- Roghnaigh fuaim m.sh: C c
- Úsáid amhrán atá ar eolas agat m.sh. *‘Tá Teidí ag siúl...’*
- Úsáid teidí nó póstaer cosúil leis seo más mian leat
- Can *‘Tá cáca ag teidí, tá cáca ag teidí, hé-hó mo dhaid-í-ó, tá cáca ag teidí’*
- *‘Tá cárta ag teidí...’*; *‘Tá coinín ag teidí...’*
- Úsáid an t-amhrán céanna do na fuaimeanna uilig:  
*leanúnachas; athrá; taitneamb; foghlaim*





# *Sealbhú teanga agus geáitsí*

---

Cabhraíonn geáitsí le:

- Aird na bpáistí a dhíriú
- Cuimhne an pháiste
- Focail a fhoghlaim agus a thuiscint
- Scileanna mínluaile agus oll-luaile
- Treoracha a leanúint
- Comhardú lámh agus súl
- Éisteacht agus iad ag díriú ar an gceol/ar an rann
- Spraoi agus taitneamh!



# *Sealbhú Teanga*

## *Ócáidí Speisialta*



- Roghnaigh amhrán nó rann don ócáid  
m.sh: An Nollaig
- Múin an rann sa rang agus abair é sa  
chlós, sa líne srl
- Píoc frása amháin agus múin do na  
páistí é. Cuir béim ar an bhfrása seo.  
m.sh: *Nollaig Shona daoibh go léir*
- Déan póstaer a dhathú leis an abairt  
scríofa air

♪ **Oíche Nollag** ♪

*ón albam Picnic Teidí*

**Oíche Nollag ar an tolg**

**Bronntanais faoin gcrann**

**Ceol le clos is bualadh bos**

**Ó, tá an Nollaig ann**

**...Nollaig Shona daoibh go léir!**



# Físeáin ceoil agus sealbhú teanga



- Cabhraíonn pictiúr nó scéal le roinnt páistí leis na focail a thuiscint agus a fhoghlaim níos fearr
- Tá sraith físeáin bheochana nua á sheoladh agam an mhí seo chugainn bunaithe ar an albam *Picnic Teidí*
- Sealbhú teanga – liricí an amhráin ar an scáileán; pictiúir/beochan ag dul leis na liricí agus míniú níos fearr do pháistí ar an teanga
- Athrá – is breá le páistí athrá agus beidh sé acu i bhfoirm ceol agus físeán (acmhainn closamhairc)
- Na teidithe ó chlúdach an albaim *Picnic Teidí* a bheidh ins na físeáin
- Suíomh *Vimeo* COGG saor in aisce



*Go raibh míle  
maith agaibh!*